Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

**11907/22**

**ENER 405**
**ENV 814**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11427/22 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena gceartaítear an leagan Gearmáinise de Rialachán (AE) 2019/1781 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le mótair leictreacha agus tiomántáin luais inathraithe de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 641/2009 i dtaca le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hathfhillteoirí leithleacha gan dlúthaire agus athfhillteoirí leithleacha a comhtháthaíodh i dtáirgí<br>- Cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha (nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú) |

1. Agus an beart atá beartaithe a bheith i gcomhréir le tuairim an choiste ábhartha, chuir an Coimisiún an dréachtbheart thuasluaite[1] faoi bhráid na Comhairle go ndéanfar grinnscrúdú air i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 5a(3)(a) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle[2]. Tar éis don Choimisiún an dréachtbheart a thíolacadh an 12 Iúil 2022, beidh go dtí an 12 Deireadh Fómhair 2022 ag an gComhairle chun cinneadh a dhéanamh cur i gcoinne an ghlactha.

[1] 11427/22
[2] Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23), arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

2. Iarradh ar na toscaireachtaí aon bharúlacha maidir leis an gcomhad sin a chur isteach faoin 16 Lúnasa 2022. Níor thug na toscaireachtaí le fios go bhfuil aon chúis le cur i gcoinne an dréachtbhirt atá i gceist ar na forais a thuairiscítear i gCinneadh 1999/468, is iad sin:

– go sáraíonn sé na cumhachtaí cur chun feidhme dá bhforáiltear san ionstraim bhunúsach;

– go bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach le haidhm nó le hinneachar na hionstraime bunúsaí; nó

– nach n-urramaíonn sé prionsabal na coimhdeachta nó prionsabal na comhréireachta.

3. Iarrtar, dá bhrí sin, go molfadh Coreper go ndearbhóidh an Chomhairle nach bhfuil aon fhorais ann chun cur i gcoinne an dréachtbhirt. Tuigtear leis sin, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa ina aghaidh, go bhféadfaidh an Coimisiún an beart atá beartaithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a(3)(d) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle.